meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasafochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmiúdh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil. Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fi anaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach am go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calais nó neamhrialtacht eile nó carráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Mar a mhíníodh i bPolasaí Cuntasafochta 6, ní aithníonn an Bord costais teidliochtaí aoisliúntais ach nuair a éiríonn siad iníochta. Ní chloíonn an polasaí seo le Caighdeán Tuairisce Airgeadais 17 a éilíonn go n-aithneofar costais dá leithéid sa bhliain ina dnuiltar na teidliochtaí. Cé nach bhfuil tionchar ag neamhchomhlíonadh le Caighdeán Tuairisce Airgeadais 17 ar an bhfeidhmíocht airgeadais ina hiomláine nó ar staid an Bhoird mar a nochtaitear é sna ráitis airgeadais, i mo thuairimse tá comhlíonadh riachtanach le tuiscint cheart a fháil ar na costais a bhaineann leis na sochair aoisliúntais atá tuille ag fostaithe i rith na bliana a chur ar fáil agus ar luach na sochar a bhfuil tiomantas tugtha ag an mBord ina leith maidir le seirbhís chomh fada le deireadh na bliana. Ach amháin don teip costais agus dliteanais aoisliúntais an Bhoird a aithint faoi réir Chaighdeán Tuairisce Airgeadais 17 tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir an Chleachtais Cuntasafochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2005 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth

Ar son an

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2007

An Bord Míochaine Agus Déidliachta Iarchéime
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid ThIthe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais an Bhoird Míochaine agus Déidliachta Iarchéime don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 faoi réir Ailt 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn mar atá leasaithe faoi threoracha an Aire Sláinte agus Leanaí maidir le cuntasaíocht d'aoisliúntais. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltai an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas urn Fhreagrachtaí Chomhaltai an Bhoird.

Tá sé de fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscim mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscim freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscim ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscim freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirithe ar ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscim ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach príacaí agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le príacaí agus rialú.

Léimse eolas eile atá sa Tuairisc Bhlantúil agus measaim cibé an bhfuil sé ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithnim na himpleachtaí do mo thuairisc má thagaim ar an eolas faoi aon mhír áiteas dealraitheacha nó neamhréireanna ábhartha leis na ráitis airgeadais.

Bunús le Tuairim Iniúchta

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006 (ar lean)

Nóta 9 **Gealltanais Léasa**

Tá an Bord lonnaithe in áitribh ag Corrigan House, Sráid na bhFiníní, Baile Átha Cliath 2 faoi léas 33 bliana a thosaigh ar 1 Samhain, 1976. Is é €53,750 an cíós bliantúil faoi láthair. Tá athbheithniú ar an léas gach 5 bliana.

Nóta 10 **Comhaltai an Bhoird -Idirbhearta a Nochtadh**

Ghlac an Bord le nósanna imeachta faoi réir na dtreoirilinte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh léasa ag Comhaltai an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh aon idirbheart maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltai.

Nóta 11 **Gnóthas Leantach**

Tá soláthar in Acht na Lia-Chleachtóirí 2007 leis an mBord a dhíscáileadh agus a fhoireann, sócmhainní agus dliteanais a aistriú d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar dháta le leagan síos ag an Aire Sláinte agus Leanai. D'ainneoin go bhfuil sé i gceist an Bord a dhíscáileadh sa todhchaf, ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn ghnóthas leantach toisc nach meastar go mbeadh gá le haon athrú ábhartha ag eascairt as an ndíscáileadh atá molta.

Nóta 12 **Siníodh na Ráitis Airgeadais ar son an Bhoird ar 21 Meán Fómhair, 2007**

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006 (ar lean)

Nóta 6 <u>Sócmhainní Seasta</u>	Trealamh Oifige €	Troscán agus Feistis €	Iomlán €		
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir, 2006	54,907	36,967	91,874		
Breis sa bhliain	604	0	604		
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig, 2006	<u>55,511</u>	<u>36,967</u>	<u>92,478</u>		
Diluacháil ag 1 Eanáir, 2006	51,240	20,465	71,705		
Diluacháil gearrtha don bhliain	<u>3,562</u>	<u>2,925</u>	<u>6,487</u>		
Ag 31 Nollaig, 2006	<u>54,802</u>	<u>23,390</u>	<u>78,192</u>		
Glanluach Leabhair 31 Nollaig, 2006	<u>709</u>	<u>13,577</u>	<u>14,286</u>		
Ag 31 Nollaig, 2005	<u>3,667</u>	<u>16,502</u>	<u>20,169</u>		
Nóta 7 <u>Creidiúnaithe agus Fabhrúithe</u>		2006	2005		
		€	€		
Oideachas agus Oilíúint		146,681	386,215		
Eile		<u>17,150</u>	<u>16,609</u>		
		<u>163,831</u>	<u>402,824</u>		
Nóta 8 <u>Cuntas Caipitil</u>		2005	2005	2004	2004
		€	€	€	€
Comhardú ag 1 Eanáir			20,169		30,589
Deontais leithdháilíthe do Chúiseanna Caipitil	604			0	
Maitheamh faoi réir Diluachála Sócmhainní	<u>(6,487)</u>			<u>(10,420)</u>	
Aistriú ó/(go) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais			<u>(5,883)</u>		<u>(10,420)</u>
Comhardú ag 31 Nollaig			<u>14,286</u>		20,169

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

Nótaí ar na Ráitís Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006 (ar lean)

Nóta 5	<u>Íocaíochtaí le hEagrais</u>	
	<u>Ghairmiúla</u>	
	2006	2005
	€	€
Ainéistéitic	747,500	612,210
Déidliacht	149,178	143,300
Cleachtas Ginearálta	85,900	75,460
Cnáimhseachas/Liacht Bhan	51,091	48,822
Leigheas Saothair	503,114	381,521
Leigheas Sláinte Poiblí	47,201	50,113
Leigheas Eile	9,605	9,202
Péidiatraic	63,298	68,969
Paiteolaíocht	86,948	85,218
Siciatracht	105,249	73,365
Raideolaíocht	77,590	83,048
Máinliacht	1,581,500	1,054,000
Oftailmeolaíocht	30,007	22,352
Máinliacht: Thuaidh/Theas	<u>11,209</u>	<u>0</u>
	<u>3,549,390</u>	<u>2,707,580</u>

Nóta 5a	<u>TIONSCNAIMH MET</u>	
	<u>Eagrais Ghairmiúla</u>	
	2006	2005
	€	€
Ainéistéitic	0	81,800
Cleachtas Ginearálta	0	113,000
Cnáimhseachas/Liacht Bhan	0	30,000
Leigheas Saothair	0	20,000
Leigheas Sláinte Poiblí	0	70,575
Leigheas Eile	0	25,231
Péidiatraic	0	20,000
Paiteolaíocht	0	30,492
Siciatracht	0	19,942
Raideolaíocht	0	237,643
Máinliacht	0	250,576
Leigheas Spóirt	0	24,000
Oftailmeolaíocht	<u>0</u>	<u>0</u>
Iomlán	<u>0</u>	<u>923,259</u>

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006 (ar lean)

Nóta 4 <u>Costais Oideachais agus Oiliúna</u>	2006	2005
	€	€
Íocaíochtaí le hEagrais Phroifisiúnta (nóta 5)	3,549,390	2,707,580
Cornhordaitheoirí Oideachais Iarchéime	263,451	263,545
Oideachas Leanúnach Leighis do Chleachtas Ginearúla (GPCME)	981,578	896,776
Treoir Gairme	3,510	7,657
Coistí Réigiúnda Déidliachta	164,061	156,614
Cúrsa Bainistíochta RCSI/IPA	73,852	82,352
Diop. Bainistíocht Phriacail Chúraim Sláinte	25,390	25,390
Ionad Taighde Iarchéime	537,254	477,222
Scéim Liúntais Iarchéime NCHD*	234,966	153,442
Oiliúint Gairme sa Déidliacht	153,442	184,441
Scéim Ard-Oiliúna Leighis**	1,383,500	1,324,382
CDE (Creidiúnú)	246	208
Tascfhórsa Foirme Leighis	28,124	28,124
Oiliúint Sholúbtha	762,596	598,683
Cúrsa Taighde	<u>0</u>	<u>12,496</u>
	<u>8,198,378</u>	<u>6,924,932</u>

*Reachtaíonn an Bord an scéim seo thar ceann na Roinne Sláinte agus Leanaí agus Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann. Íoctar ranníocaíochtaí le dochtúirí neamhchomhairleacha maidir le scrúduithe agus táillí cúrsaí iarchéime áirithe.

**Thug an Roinn Sláinte agus Páistí maoiniú don Bhord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime le forbairt ard-oiliúna leighis de chuid Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann a mhaoirsiú. Áirítear tuarastail, teicneolaíocht faisnéise agus costais rúnaíochta agus riaracháin sna costais.

Tionscnaimh MET

Nóta 4a <u>Costais Oideachais agus Oiliúna</u>	2006	2005
	€	€
Íocaíocht le hEagrais Ghairmiúla (Nóta 5a)	0	923,259
HMTS	0	387,516
Ospidéal Beaumont	0	71,371
Taighde Shuirbhé Gairme	0	4,000
Deimhniú Cumais	0	68,471
Comhairle Leighis (DLO)		<u>40,875</u>
<u>Iomlán</u>	<u>0</u>	<u>1,495,492</u>

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

Nótaí ar na Ráitís Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006

Nóta 1 <u>Ioncam Eile</u>	2006	2005
	€	€
H. Hampel	190	0
J. O'Brien refund	24,544	0
Beaumont (Flexible Training Overpayment)	0	3,226
Bank Interest	1,641	699
DSW refund	<u>8,394</u>	<u>177</u>
	<u>34,769</u>	<u>4,102</u>

Nóta 2 <u>Costais Riaracháin:</u>	2006	2005
	€	€
Tuarastail	265,180	254,891
Taisteal agus Cothabháil	71,664	7,938
Riarachán Ginearálta (Nóta 3)	152,352	142,228
Táille Iníúchta	<u>8,500</u>	<u>10,150</u>
	<u>497,696</u>	<u>415,207</u>

Nóta 3 <u>Riarachán Ginearálta</u>		
Costais Theaghhlachais	75,585	73,590
Costais Oifige	65,701	54,778
Ighnéitheach	4,579	3,440
Diluacháil	<u>6,487</u>	<u>10,420</u>
	<u>152,352</u>	<u>142,228</u>

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime
CLÁR COMHARDAITHE AG 31 NOLLAIG, 2006

	<u>2006</u>	<u>2005</u>
	€	€
Sócmhainní Seasta (Nóta 5)	14,286	20,169
Sócmhainní Reatha		
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	5,285	4,982
Airgead sa Bhanc	<u>273,349</u>	<u>424,067</u>
	<u>278,634</u>	<u>429,049</u>
Dlíteanais Reatha		
Creidiúnaithe agus fabhrúithe (Nóta 7)	<u>163,831</u>	<u>402,824</u>
Glanshócmhainní Reatha	<u>114,803</u>	<u>26,225</u>
Sócmhainní Iomlána	<u>129,089</u>	<u>46,394</u>
I bhfoirm:		
Cuntas Caipitil (Nóta 8)	14,286	20,169
Farasbarr/(Easnamh) ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	<u>114,803</u>	<u>26,225</u>
	<u>129,089</u>	<u>46,394</u>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12.

E. McGovern, Uas., Cathaoirleach

J. Gloster, Uas., Príomhoifigeach

21 Meán Fómhair 2007

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
31 Nollaig, 2006

<u>Ioncam</u>	<u>2006</u>	<u>2005</u>
	€	€
Deontas Oireachtais	8,744,000	7,357,508
Deontais do Thionscnaimh Speisialta (MET)	0	1,495,492
Ioncam Eile (Nóta 1)	<u>34,769</u>	<u>4,102</u>
	8,778,769	8,857,102
Aistriú (go)/ó Chuntas Caipitil (Nóta 8)	<u>5,883</u>	<u>10,420</u>
	<u>8,784,652</u>	<u>8,867,522</u>
 <u>Caiteachas</u>		
Costais Riaracháin (Nóta 2)	497,696	415,207
Costais Oideachais agus Oiliúna (Nóta 4)	8,198,378	6,924,932
Tionscnaimh MET (Nóta 4a)	<u>0</u>	<u>1,495,492</u>
	<u>8,696,074</u>	<u>8,835,631</u>
Farasbarr/(Easnamh) don Bhliain	88,578	31,891
Farasbarr/(Easnamh) Carnach ag 1 Eanáir	<u>26,225</u>	<u>(5,666)</u>
Farasbarr/(Easnamh) Carnach ag 31 Nollaig	<u>114,803</u>	<u>26,225</u>

Baineann an ioncam agus caiteachas ar fad don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006 le gníomhaíochtaí atá ag leanúint. Ní raibh aon ghnóchan nó cailteanas ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas iad siúd a phléitear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12.

E. McGovern, Uas., Cathaoirleach

J. Gloster, Uas., Príomhoifigeach

21 Meán Fómhair 2007

6 Aoisliúntas

Cuireann Alt 19 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 téarmaí an Achta Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1956 i bhfeidhm ar an mBord agus a oifigigh, faoi réir leasuithe ar féidir leis an Aire Sláinte agus Páistí a chinneadh, le cead ón Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

Oibríonn an Bord scéim aoisliúntais leas-sainithe dá fhostaithe. Íoctar teidlíochtaí sa scéim as ioncam reatha agus gearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Cainteachais iad don bhliain ina bhfuil siad le híoc. Faoi réir treorach an Aire Sláinte agus Páistí ní dhéantar aon soláthar sna ráitis airgeadais maidir le leasa san am atá romhainn. Gearrtar Tuarastail agus Pá sna ráitis airgeadais glan ó ranníocaíochtaí aoisliúntais na bhfostaithe.

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006

Polasaithe Cuntasaiochta

1 Ginearálta

Bunaíodh an Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime i mí Márta, 1980 mar eagrais reachtúil faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978. Is í an fheidhm atá aige ná forbairt oideachais iarchéime míochaine agus déidliachta a chothú.

Tá feidhmeanna an Bhoird á n-athbhreithniú ag an Aire Sláinte agus Leanaí mar chuid den straitéis sláinte chun struchtúr an chúraim sláinte a atheagrú agus a bhuanú. Moltar, tar éis iniúchadh a dhéanamh ar struchtúir agus feidhmeanna an chórais sláinte, feidhmeanna an Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime a mheascadh idir Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte molta, Comhairle na nDochtúirí Leighis agus an Chomhairle Fiaclóireachta. Cheap an tAire Bord nua in Eanáir, 2006 go dtí faomhadh an reachtaíochta chun na hathruithe sin a chur i bhfeidhm.

2 Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi réir na bpolasaithe cuntasaiochta leagtha síos ag an Aire Sláinte agus Leanaí faoin gcoinbhinsiún chostas stairiúil. Faoi réir Pholasaí Cuntasaiochta 6 thíos glactar le caighdeáin tuariscithe airgeadais a mhólaíonn na forais aitheanta cuntasaiochta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

3 Ioncam

(a) Cuirtear deontais Oireachtais san áireamh ar bhonn fáiltais airgid.

(b) Deontais do Thionscnaimh "aon uaire" in Oideachas agus Oilíúint Leighis (MET)

Cuirtear deontais do thionscnaimh speisialta atá á mhaoiniú ag an Roinn Sláinte agus Leanaí san áireamh sa tréimhse ina tharlaíonn an caiteachas a bhaineann.

4 Sócmhainní Seasta agus Díluacháil

Taispeántar sócmhainní seasta ag costas nó luacháil lúide díluacháil chernach. Riomhtar díluacháil ar bhonn na líne díreacha ag 10% do thoscán agus feistis agus 20% do threalamh oifige.

5 Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus luach nearnh-maite na ndeontas curtha do chúiseanna caipitil.

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

Ráiteas ar na córais do rialú inmheánach airgeadais

Ar son an Bhoird Míochaine agus Déidliachta Iarchéime, admháim freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach do rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

I mí Márta 2002 d'éag téarma oifige chomhaltai an Bhoird. Mar thoradh ar an atheagrú molta ar na Seirbhísí Sláinte níor ceapadh an Bord athuair. Agus ceapachán an Bhoird nua le tarlúint go fóill, shinigh Oifigeach Cuntasaiochta na Roinne Sláinte agus Leanaí agus Príomhoifigeach an Bhoird na Ráitis Airgeadais mar shocrú eastramhach.

In Eanáir na bliana, 2006 ceapadh Bord nua agus chuaigh na freagrachtaí cuntasachta reatha ar ais ó Oifigeach Cuntasaiochta na Roinne Sláinte agus Leanaí go dtí an Bord ceaptha.

Ní féidir leis an geóras do rialú inmheánach ach cinntiú réasúnta murab ionann agus cinntiú glan a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taiseadta i gceart, agus go gcosctar earráidí nó mirialtachtaí ábhartha nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am tráth.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Ag a gcéad chruinniú in Eanáir 2006, cheap an Bord Coiste Airgeadais agus Iniúchta ar tugadh an dualgas dó fiosrú a dhéanamh ar an ngá le hábhbhreithniú ar nósanna imeachta do rialú inmheánach mar atá.

Tá an córas do rialú inmheánach airgeadais mar atá bunaithe ar athbhreithniú rialta ag an bPríomh-Oifigeach ar oibriú chuntais an Bhoird agus ar a nósanna cuntasaiochta.

Cuireann an Príomh-Oifigeach, atá freagrach as creatlach cuí do rialú airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, an Bord ar an eolas agus torgóidh siad ionchur uaidh. Freisin beidh an Bord ag brath ar tuairiscí agus tuairimí nochtaithe ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus ag an Ard-Reachtair ina litreacha bainistíochta nó tuairiscí eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Ní dhearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha sa bhliain 2006. Tá sé de rún ag an gCoiste Iniúchta agus Airgeadais an t-athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha a dhéanamh roimh dheireadh 2007.

E. McGovern, Uas., Cathaoirleach
21 Meán Fómhair 2007

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2006

Réamhrá dos na Ráitis Airgeadais

Ráiteas ar Dhualgais an Bhoird

D'éag téarma oifige an Bhoird Míochaine agus Déidliachta Iarchéime ar 26 Márta, 2002. Mar thoradh ar an atheagrú molta ar na Seirbhísí Sláinte nior ceapadh an Bord athuair ag an am sin. Cheap an tAire Sláinte agus Leanaí Bord nua in Eanáir, 2006 do thréimhse cúig bliana.

Éilíonn Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 ar an mBord cuntais ceart a choinneáil ar ioncam agus caiteachas uilig an Bhoird agus ar fhoinní an ioncaim sin agus ábhar an chaiteachais sin agus cuntais chearta ar fad ar mhaoin, sócmhainní agus dliteanas an Bhoird. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá ar an mBord

- polasaithe cuí cuntasaiochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnó reatha mura bhfuil sé cuí a mheas go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
- a rá cé acu ar cloíodh le caighdeáin chuí cuntasaiochta, faoi réir aon imeacht ábharach a nochtaitear agus a mhíntear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair cuntasaiochta cearta a choinneáil a léirigh le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chendaigh dó a chinntiú go gcoilíonn na ráitis airgeadais le hAcht na Lia-Chleachtóirí, 1978. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chaomhnú agus dá bharr sin gach rud is féidir a dhéanamh chun caimiléireacht agus mirialtachtaí eile a aithint agus a chosc. Agus comhaltaí den Bhoird ar iarraidh, shínigh Oifigeach Cuntasaiochta na Roinne Sláinte agus Leanaí agus Príomhoifigeach an Bhoird na Ráitis Airgeadais thar ceann an Bhoird. Socrú eatramhach a bhí anseo go dtí go gceapfaí Bord nua agus chlúdaigh sé na blianta 2002, 2003 agus 2004. In Eanáir na bliana, 2006 cheap an tAire Sláinte agus Leanaí Bord nua agus chuaigh na freagrachtaí cuntasachta reatha ar ais ó Oifigeach Cuntasaiochta na Roinne Sláinte agus Leanaí go dtí an Bord ceaptha.

E. McGovern, Uas., Cathaoirleach

J. Gloster, Uas., Príomhoifigeach

21 Meán Fómhair 2007

- Coláiste Oifailmeolaithe na hÉireann;
- Coiste na hÉireann um Ard-Oiliúint Leighis;
- Coiste na hÉireann ar Oiliúint Síciatrach;
- Coiste na hÉireann ar Oiliúint Iarchéime Máinfiachta;
- Coiste de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann, a bhíonn ag plé le hoiliúint ghinearálta gairme sa Leigheas.

- # cláracha oideachais iarchéime in ospidéal éagsúla,
- # cláracha léachtanna iarchéime éagsúla,
- # cúrsaí ríomhaireachta do dhochtúirí,

- (b) comhairle a sholáthar d'ospidéal maidir le háiseanna leabharlainne,
- (c) cuidiú leis an mBord in eagrú an chláir treorach gairme do dhochtúirí tí agus oifigigh tí,
- (d) rannpháirtíocht sna grúpaí comhairleacha a bhaineann le scéimeanna GPCME,
- (e) ullmhú agus dáileadh de "dhlanna chruinnithe agus comhdhálacha iarchéime" seachtaine, coicíse nó míosa,
- (f) rannpháirtíocht i mbainistiú agus riaracháin na n-ionadaithe iarchéime agus in eagraíocht chláracha na ngníomhartha sna hionaid sin.

Committees of the Board

During 2006, the Board had the following three Committees which had the task of examining and reporting to it on particular aspects of the Board's functions and activities:

Committee on Medical Practitioners Bill, chaired by Ms. E. McGovern

Finance and Audit Committee, chaired by Mr. B. Murray

Flexible Training Committee, chaired by Ms. M. O'Donnell

Aitheantas ar Eagrais Ghairmiúla

Chun críche a chuid feidhmeanna faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978, tá aitheantas tugtha ag an mBord do dhá eagrais gairmiúil déag Éireannach. Is iad seo a leanas na heagrais sin:

- Coláiste na nAinéistísithe de Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn;
- Dámh na Déidliachta de Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn;
- Dámh na Paiteolaíochta de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann;
- Dámh na Raideolaíthe de Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn;
- An Dámh Leighis Spóirt agus Aclaíochta, RCPI & RCSI
- Institiúid na gCnámhseoirí agus na Lianna Ban de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann;
- Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann;

- thug sé tacaíocht airgeadais don Chúrsa Dioplóma i mBainistíú Phriacail Chúram Sláinte atá lonnaithe sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath,
- thug sé cúnamh airgeadais le seimineár a eagrú ar "Chumas a thógáil in Oideachas Éireannach ar Chleachtas Ginearálta",
- rinne sé ranníocaíocht ar chostais a ghearrtar ar an RCPI maidir lena mballraíocht den Academy of Medical Royal Colleges (in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe),
- chuimsigh an Buiséad a ghlac an Bord sa bhliain 2006 tiomantas maidir leis na costais bliana iomlána seo a leanas maidir leis na forbairtí nua thíosluaite –
 - €120K don RCSI maidir le (i) costais oibríúcháin an Aonaid Soghluaiste Scileanna agus (ii) maoiniú do chostais rúnaíochta na hInstitiúide do Mháinliacht Tráma agus Ortaipéide,
 - €164K chun cuidiú leis an IPTC maoiniú a dhéanamh ar (i) Stiúrthóir Tionscadail (le tacaíocht riaracháin) agus (ii) Eagraí Acadúil agus Taighde,
 - €104K le 4 Oide GPCME breise a cheapadh.
- thug sé cúnamh airgid d'eagrais oiliúna iarchéime lena gcuid riaracháin ginearálta a dhéanamh, mar eagrais náisiúnta, oiliúint chláraithe - Tá sonraí san Cuntais. Is iad seo a leanas na hEagrais a fuair cuidiú ar an mbealach seo: iad siúd a liostaítear ag (i) go (xi) ar leathanach 9 (ach amháin Dámh an Leighis Spóirt agus Aclaíochta) maraon le Dámha (a) Leighis Sláinte Poiblí, (b) Leigheas Ceirde agus (c) Péidiatraic. Tá na trí fhoras deiridh a luaitear ina nDámha de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann.
- bheartaigh sé go bhféachfadh sé le prionsbail a bhunú ar an gcaoi is fearr leis na heagrais oiliúna a mhaoiniú sa toghchaí agus ar an gcaoi is fearr le héifeachtacht an mhaoinithe sin a mheas.

Áirítear iad seo a leanas i measc na bpríomhimeachtaí a rinne na Comhordaitheoirí ar Oideachas Leanúnach iarchéime le linn na bliana 2006:-

- (a) reáchtáil ar
- # Siompóisiam sa Bhuneolaíocht,
 - # Cúrsaí san Eolaíocht Chlinice,
 - # Comhdhálacha Réigiúnda Leighis, Cnáimhseachais/ Ginéiceolaíochta agus Máinliachta,
 - # Comhdhálacha Paiteolaíochta Máinliachta,
 - # Comhdhálacha Clinice-Paiteolaíochta,
 - # cruinnithe oideachais iarchéime idir-ospidéal,
 - # seimineáir ar ábhair a bhaineann le cleachtas ginearálta agus cuidiú le grúpaí áitiúla de dhochtúirí teaghlaigh cláracha oideachais leanúnach a eagrú,

- d'eagraigh sé Scéim Phiólótach ar Oiliúint Sholúbtha (Páirtaimseartha) do Chláraitheoirí Sinsearacha, Speisialta agus Tí agus cheap Fochoiste leis an scéim oiliúna solúbtha atá ann faoi láthair a scrúdú, a mheas agus tuairim a thabhairt ar na baunna agus laigí agus moltaí a thabhairt don todhchái
- d'fhostaigh sé Stiúrthóir don Scéim Phiólótach ar Oiliúint Sholúbtha,
- lean sé de scéim a riaradh a thugann aisíoc do NCHDanna ar na táillí a íocann siad do scrúduithe agus cúrsaí iarchéime sainithe,
- chuir sé seirbhís riaracháin ar fáil do Choiste Oiliúna Síciatrach na hÉireann agus chuir maoiniú ar fáil don Choiste sin chun a scéim náisiúnta ard-oiliúna a riaradh,
- thug sé maoiniú d'fhorbairt agus eagrú scéimeanna oiliúna speisialtóireachta in ainéistéitic, paiteolaíocht, péidiatrac, leigheas, leigheas ceirde, raideolaíocht agus máinliacht,
- tá Príomhoifigeach an Bhoird ina comhalta den Ghrúpa Náisiúnta Forfheidhmithe ar Threoír na hEorpa um Am Oibre,
- thug sé maoiniú do tríocha seacht scéimeanna/cláracha oideachais leanúnaigh do dhochtúirí teaghlaigh (scéimeanna GPCME) - lonnaithe i mBré, Ceatharlach/Cill Chainnigh, An Cabhán/Muineachán, An Clár, Corcaigh [Thoir, Thuaidh, Thiar, Cathair Chorcaí (3 scéim)], Dún na nGall (2 scéim), Baile Átha Cliath [ceantair Dáimhe ICGP: Corrigan, Baile Átha Cliath Thiar-Theas, Dún Laoghaire, Muirfean, Baile Átha Cliath Thuaidh, Baile Átha Cliath Thiar, William Stokes/Mount Carmel (2 scéim)], Lár Tíre Thoir, Gaillimh (2 scéim), Ciarraí (2 scéim), Cill Dara, Laois/Uíbh Fhailí, Luimneach, Lú/An Mhí, Maigh Eo (2 scéim), Sligeach/Liatroim, Tiobraid Árann (2 scéim), Port Láirge, Lár Tíre Thiar agus Loch Garman,
- lean sé de mhaoiniú ar cheapacháin Stiúrthóra Náisiúnta agus Stiúrthóra Náisiúnta Cúnta de scéimeanna oideachais leanúnaigh, faoi choimirce Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann, le comhordú agus spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt imeachtaí Oidí na scéimeanna sin agus banc d'acmhainní oideachais a bhunú agus a chothabháil d'úsáid ghrúpaí beaga,
- chuidigh sé le bainistiú straitéiseach ar Ionad Acmhainní Iarchéime Chleachtas Ginearálta ICGP agus chuidigh sé le maoiniú an Ionaid sin,
- tá Príomhoifigeach an Bhoird ina chomhalta de Choisti Stiúrtha na gCláracha Oiliúna sa Chleachtas Ginearálta san Réigiún seo a leanas: Oirthear, Lár Tíre, Meán-Iarthar, Oir-Thuaisceart, Oir-Dheisceart, agus Iarthar,
- i gcomhair leis an ICGP, d'eagraigh sé scéim meaitseála d'iontráil oiliúnaithe mí Iúil, 2006 sna Cláracha Oiliúna Gairme i gCleachtas Ginearálta. Rinne an Bord an scéim meaitseála a réachtáil ar son an aon Chlár déag Oiliúna Gairme agus Chumann Náisiúnta na Stiúrthóirí Cláir,
- thug sé cúnadh airgid don RCSI le cuidiú leis an gCúrsa Dioplóma i mBainistíocht do Dhochtúirí Leighis a eagraítear faoi choimirce an RCSI agus an Fhorais Riaracháin.

- ghlac sé leis na cáipéisí seo a leanas a d'ullmhaigh Coiste Airgeadais agus Iniúchta an Bhoird i gcomhthéacs an Chóid Cleachtais do Rialú Chomhlachtaí Stáit -
 - o **Róil agus Feidhmeanna Chombaltaí an Bhoird**
 - o **Cód Cleachtais Ghnó do chombaltaí PgMDB**
 - o **Róil agus Freagrachtaí an Chathaoirligh**
 - o **Róil agus Feidhmeanna an Phríomh-Oifigigh**
 - o **Cód Cleachtais Ghnó do Bhaill Foirne**
- thug sé aitheantas do Dháimh an Leighis Spóirt agus Aclaiochta, RCPI agus RCSI, do chúiseann an Bhoird faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978,
- d'aontaigh sé go lorgódh sé cainteanna leis an HSE-EA maidir le gnéithe den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Socraithe), 2003 i gcomhthéacs chonarthaí NCHD; freisin dhírigh aird Chomhairle na nDochtúirí ar an ábhar,
- rinne suirbhé de sholáthar foirne NCHD ag 1 Deireadh Fómhair, 2006,
- lean sé d'fhorbairt chlár tréorach gairme an Bhoird do dhochtúirí óga,
- d'eagraigh sé Féilte Slite Beatha Leighis i gCorcaigh agus Gaillimh do dhochtúirí cónaithe agus oifigigh tí sa chéad bhliain, agus cead isteach do mhic léinn leighis freisin; d'fhreastal thart ar 150 san iomlán ar na féilte seo,
- shocraigh seimineár náisiúnta ar shlite beatha leighis i gcomhair le ICGP agus le maoiniú ón HSE – METR. Chuimsigh an seimineár na gnáthghnéithe uilig d'Aonaigh Shlite Beatha an Bhoird agus freisin ceardlanna ar chur i láthair CV agus ullmhú agus feidhmíocht d'agallaimh agus bhí thart ar 110 i láthair.
- chuir sé ábhar maidir le treoir gairme ar fáil go héasca ar láithreán an Bhoird,
- lean sé, i gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, de mhaoiniú ar na coistí réigiúnda déidliachta san Oirthear, Lár Tíre, Oir-Thuaisceart, Iar-Thuaisceart, Deisceart/Meán-Iarthar, Oir-Dheisceart agus san Iarthar; is í an phríomhfheidhm atá ag an sé choiste deiridh thuasluaite ná oideachas leanúnach déidliachta (CDE) a chothú laistigh dá gceantair faoi seach, agus tá Coiste Réigiúnda Déidliachta an Oirthir ag plé don chuid is mó le comhordú CDE ina cheantar féin,
- d'eagraigh sé scéim chreidiúnaithe Oideachais Leanúnaigh Déidliachta [faoi 31 Nollaig, 2006 bhí breis agus 1,490 fiaclóirí páirteach ann],
- d'fhostaigh sé Comhordaitheoir don Scéim Oideachais Gairme Déidliachta. Baineann a ról le cothú oiliúna gairme comhordaithe den scoth,
- thug sé maoiniú le Stiúthóir Oiliúna Speisialta Déidliachta a cheapadh, á fhostú ag an gCoiste Éireannach d'Oiliúint Speisialta Déidliachta,

Dr. M. Fullam, An Caisleán Nua Thiar
 Dr. C. Hanrahan, Inis
 Dr. F. Hayes, Sligench
 Dr. P. Harrold, An tAonach (ó 1 Lúnasa, 2006)
 Dr. J. Hunt, Cill Chormaic
 Dr. A. Jennings, Baile Átha Luain
 Dr. B. Jordan, Mainistir na Corann
 Dr. P. Lacey, Dún Laoghaire
 Dr. D. Larkin, Gaillimh
 Dr. J. McKeown, Cairlinn
 Dr. P. McNichol, Cill Fhionntain
 Dr. C. McNicholas, Baile Átha Cliath
 Dr. S. Montague, Teach Sagard, Co. Bhaile Átha Cliath (go dtí 30 Meitheamh, 2006)
 Dr. J. Murphy, Baile Átha Cliath (go dtí 30 meitheamh, 2006)
 Dr. F. Nelson, Leitir Ceanainn
 Dr. D. P. O’Cuill, Cathair Chorcaí (ó 1 Deireadh Fómhair, 2006)
 Dr. M. Owens, Fíodh Ard (ó 1 Bealtaine, 2006)
 Dr. E. O’Shea, Gaillimh
 Dr. K. Palmer, Baile Átha Cliath (ó 1 Deireadh Fómhair, 2006)
 Dr. K. Quinn, Oileán Árann Mhór, Co. Dhún na nGall
 Dr. M. Rawat, Domhnach Bat
 Dr. G. Stack, Cill Airne
 Dr. S. Tighe, Baile Átha Cliath
 Dr. S. Walkin, Béal an Átha (ó 1 Deireadh Fómhair, 2006)
 Dr. M. Walsh, Ros Mhic Thriúin

Srathuairisc ar Imeachtaí an Bhoird

Is féidir achoimre a dhéanamh ar phríomhimeachtaí a tharla faoi choimirc an Bhoird sa bhliain 2006 mar seo a leanas:-

- d’aontaigh sé le hiarratas ón Aire Sláinte agus Leanaí go dtabharfadh an Bord cúnadh, comhairle agus saineolas cuí d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d’fhonn feidhmeanna an Bhoird a líomhchóiriú chomh maith le forbairt oideachais agus oiliúna míochaine agus déidliachta iarchéime as seo amach.
- bhuail sé leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, FSS agus na Comhairlí Leighis agus Déidliachta agus le Comhchoiste Éireannach na gComhlachtaí Oiliúna Iarchéime chun an méid agus is féidir atá i gcoitianta a lorg ar fhís don oideachas agus oiliúint míochaine agus déidliachta iarchéime sa todhchaí agus chun teacht ar aontú ar an mbealach is éifeachtaí inar féidir leis an mBord a ról a chur i gcrích i gcomhair leis na heagrais sin,
- scríobh sé chuig na hEagrais Oiliúna lena n-aird a dhírú ar Thuairisc Fhiosrú Ospidéal Lourdes agus chun moladh dóibh na tuairimí/moltaí maidir le cigireachtaí/creidiúnú ospidéal agus maidir le hiniúchadh mar a bhaineann le hoiliúint a mheas agus aird a thabhairt orthu,
- chuir tuairimí faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí maidir leis an mBille um Lia-Chleachtóirí molta,

a eagraítear laistigh de cheantar feidhmeach an choiste réigiúnda. Bhí sé phost ann mar Riarthóir Chúrsaí (ceann in aghaidh an réigiúin do Lár na Tíre, Oir-Thuaisceart, Iar-Thuaisceart, Oir-Dheisceart, Deisceart/Lár-Iarthar agus san Iarthar) le linn 2006 agus post amháin mar Chomhordaitheoir san Oirthear. Is iad seo a leanas ainmneacha na ndaoine a bhí sna poist sin le linn na bliana sin:-

L. Buckley, Scoil agus Ospidéal Déidliachta, Wilton, Corcaigh.
 W. Cosgrave, 7 Cannon Row, An Uaimh, Co. na Mí.
 B. Flanagan, Wine Street, Sligeach.
 S. Flint, Scoil na hEolaíochta Déadaí & Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath.
 J. Lee, Ionad Sláinte, Bóthar Arden, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.
 G. Papatomas, St. Andrew's Terrace, An Baile Nua, Port Láirge
 M. Walshe, Roinn Déidliachta, Ospidéal Ginearálta, Ros Comáin.

Stiúrthóireacht Náisiúnta, Cláracha Oideachais Leanúnaigh do Dhochtúirí Teaghlaigh

Le linn 2006 mhaoinigh an Bord na ceapacháin, faoi choimirce Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann, den Dr. H. Finnegan, Béal Átha na Slua agus an Dr. C. McNicholas, Baile Átha Cliath mar Stiúrthóir Náisiúnta agus Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta faoi seach ar Scéimeanna Oideachais Leanúnaigh. B'é an ról a bhí acu ná comhordú agus spreagadh ar fhorbairt imeachtaí Oidí na scéimeanna sin agus banc d'acmhainní oideachais a bhunú agus a chothabháil d'úsáid ghrúpaí beaga.

Oidí, Cláracha Oideachais Leanúnaigh do Dhochtúirí Teaghlaigh

Tá Oide páirtnimseartha á fhostú ag gach ceann de na Cláracha Oideachais Leanúnaigh do Dhochtúirí Teaghlaigh atá á mhaoiniú ag an mBord. Is iad na dualgais ginearálta atá ag na hOidí ná Oideachas Leanúnach do Dhochtúirí Teaghlaigh ina gceantair a chothú, a ghriósadh agus a chomhordú ag leibhéal an duine aonair agus go mór mór ag cothú bhunú ghrúpaí beaga a bhuaifheadh le chéile go rialta in atmaisféar neamhfhoirmeálta, agus an bhéim ar rannpháirtíocht agus plé murab ionann agus múinteoireacht theagascach. Tugann na hOidí treoir agus acmhainní do ghrúpaí dá leithéid, féachann siad lena gcláracha a chomhordú agus a chomhtháthú le gníomhartha eile oideachais leanúnaigh leighis agus déanann siad iarracht a chinntiú go gcuirtear na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm - riachtanais a mheas, aidhmeanna a shainiú, foghlaim ghníomhach bunaithe ar fhadhbanna agus athbhreithniú ar fheidhmíocht. Bhí seacht bpost agus tríocha mar Oide ann le linn 2006 agus is iad seo a leanas ainmneacha na ndaoine a raibh na poist acu an bhliain sin:-

Dr. H. Casey, Mala
 Dr. J. Cotter, An Gleann Garbh
 Dr. G. Connellan, Baile Átha Cliath
 Dr. Cullen, Stigh Lorgan
 Dr. P. Daly, Oileán Chiarraí
 Dr. S. Dowling, Lios Mór
 Dr. I. Duffy, Muineachán
 Dr. P. Durcan, Béal an Átha
 Dr. T. English, Cathair Chorcaí
 Dr. M. Favier, Cathair Chorcaí
 Dr. K. Flanagan, Longfort
 Dr. T. Foley, Leithghlinn an Droichid

a spreagadh do gach oiliúnaí agus comhoibríú leis an mBord, na heagrais oiliúna proifisiúnta agus na hospidéal oiliúna i gcothú an oideachais iarchéime. Bhí aon phost déag mar Chomhordaitheoir ann le linn 2005 (5 i Réigiún an Oirthir agus ceann amháin i ngach ceann de Réigiúin an Mheán-Iarthair, an Oir-Thuaiscirt, an Iar-Thuaiscirt, an Oir-Dheiscirt, an Deiscirt agus an Iarthair) agus is iad seo a leanas ainmneacha na ndaoine a bhí sna poist sin: -

An tOllamh P. Grace, Ospidéal Réigiúnda, Luimneach.
 Dr. M. Lawler, Ospidéal Naomh Conal, Leitir Ceanainn.*
 Dr. P. MacMathúna, Ospidéal Mater, Baile Átha Cliath.
 Dr. L. McEntee, Pinebrook Surgery, Baile Átha Troim, Co. na Mí.
 Dr. W. McNicholas, Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath.
 Dr. F. Murray, Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath.
 Dr. F. O'Connell, Ionad Iarchéime William Stokes, Ospidéal Naomh Séamas, Baile Átha Cliath.
 Dr. D. O'Gradaigh, Ospidéal Réigiúnda Ardkeen, Port Láirge
 Dr. D.J. O'Halloran, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
 Dr. J. Smith, Ospidéal Ginearálta, Sligeach.* (go dtí 31 Márta, 2006)
 Dr. F. Stevens, Ospidéal Choláiste na Ollscoile, Gaillimh.
 Dr. G. Swanwick, Ionad Iarchéime Robert Graves, Ospidéal Thamlacht, Baile Átha Cliath 24.

*Líontar an post san Iar-Thuaiscirt ar bhonn phostroinnte.

Stiúrthóir Oiliúna Solúbtha

Tá Stiúrthóir Oiliúna Solúbtha páirtaimseartha, Dr. W.P. Blunnie, fostaithe ag an mBord. Tá sé d'aidhm ag an gceapachán scéim phiolótach a spreagadh agus a chomhordú d'oiliúint sholúbtha (.i. páirtaimseartha) do dhochtúirí neamh-chomhairleacha ospidéal. [Sa chéad chéim tá raon na scéime teoranta do shainoiliúint chláráitheora, ach is féidir go leathnófar ar ball í go hoiliúint phroifisiúnta ghinearálta].

Comhordaitheoir Oiliúna Gairme sa Déidliacht

Tá Comhordaitheoir Oiliúna Gairme páirtaimseartha sa Déidliacht, Dr. F. Ormsby, fostaithe ag an mBord. Tá sé d'aidhm ag an gceapachán seo oiliúint chomhordaithe den scoth a chothú do dhéidlianna atá ag dul faoi oiliúint ghairme.

Comhordaitheoir agus Riarthóirí Chúrsaí, Coistí Réigiúnda Déidliachta

Tá Comhordaitheoir páirtaimseartha fostaithe ag Coiste Réigiúnda Déidliachta an Oirthir de chuid an Bhoird agus Riarthóirí Chúrsaí páirtaimseartha fostaithe ag gach ceann de na Coistí Réigiúnda Déidliachta eile de chuid an Bhoird. Is iad na dualgais ginearálta atá acu ná oideachas leanúnach déidliachta a chothú agus a spreagadh ag leibhéal an duine aonair, leibhéal an ghrúpa agus leibhéal réigiúnda, caidreamh a dhéanamh leis na grúpaí uilig a bhfuil suim acu in oideachas dá leithéid, moltaí a dhéanamh don choiste réigiúnda ar riachtanais áitiúla, oideachas leanúnach déidliachta a sholáthar mar is cuí agus páirt a ghlacadh i measúnú ar oiriúnacht agus éifeachtúlacht na gcúrsaí agus na n-imeachtaí éagsúla

Dr. C. Hayes, Ospidéal Dr. Steevens, Baile Átha Cliath 8

Dr. M. Horgan, Department of Infectious Diseases, Ospidéal Ollscoil Chorcaí, Wilton, Corcaigh

An tOllamh E. Kay, Ospidéal Beaumont, Bosca PO 1297, Bóthar Beaumont, Baile Átha Cliath 9

Dr. D. Keane, Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles, Baile Átha Cliath 2

C. Kelly, Uas., Ospidéal Beaumont, Bosca PO 1297, Bóthar Beaumont, Baile Átha Cliath 9

An tOllamh B.G. Loftus, Ospidéal an Choláiste Ollscoile, Gaillimh

T. Martin, Uas., Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Bloc D, 3ú Urlár, Parkgate Street Business Centre, Sráid Pháirc an Gheata, Baile Átha Cliath 7

E. McGovern, Uas., CREST, Ospidéal 7, Ospidéal San Séamus, Sráid Shéarnuis, Baile Átha Cliath 8 (Cathaoirleach)

B. Murray, Uas., Scoil agus Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2

T. Nadaraja, Uas., Tara, Baile an Carrthall, Sligeach

M. O'Donnell, Uas., Roinn na Máinliachta Plaisteacha agus Athstruchtúraithe, Ospidéal Naomh Uinsinn, Elm Park, Baile Átha Cliath 4

Dr. Y. O'Meara, Scoil an Leighis agus Eolaíochta Leighis, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

Dr. P. O'Neill, Ospidéal Príobháideach Mater, Sráid Eccles, Baile Átha Cliath 7

Dr. M. O'Riordan, Curraghtarsna, Caiseal, Co. Thiobraid Árann

Dr. N. Russell, Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles, Baile Átha Cliath 2

Dr. Mary Staines, Ospidéal Stewarts, Baile Phámair, Baile Átha Cliath 20

Foireann

Príomhoifigeach: J. Gloster, Uas.

Foireann Riaracháin: J. Cosgrave, Uas. agus A. Shaw, Uas.

Foireann Fheidhmiúcháin agus Chléireachais: A. Linnane, Uas. agus N. Palacios, Uas.

Comhordaitheoirí Oideachais Míochaine Iarchéime

Fostaíonn an Bord Comhordaitheoirí páirtaimseartha Oideachais Míochaine Iarchéime. Is iad na dualgais ghinearálta atá acu ná comhordú agus cothú a dhéanamh ar fhorbairt an oideachais iarchéime ag leibhéal oiliúna cláraithe agus oideachais leanúnaigh araon, foghlaim

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

Cuntais agus Iniúchadh

Tá na cuntais iniúchta don Bhord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime maidir le 2006 leagtha amach ar leathanaigh 13 go 21.

Feidhmeanna

Bhí soláthar in Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978 chun bord a bhunú ar a dtugtar an Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime agus na feidhmeanna seo a leanas aige:-

- (a) forbairt oideachas agus oiliúint iarchéime leighis agus déidliachta a chur ar aghaidh agus na forbairtí sin a chomhordú;
- (b) comhairle a thabhairt don Aire Sláinte i dtaobh na n-ábhar ar fad, lena n-áirítear ábhair airgeadais, a bhaineann le forbairt agus comhordú oideachais agus oiliúint iarchéime leighis agus déidliachta;
- (c) treoir ghairme a sholáthar do lia-chleachtóirí cláraithe agus d'fhiaclóirí cláraithe.

Ballraíocht den Bhord

Le linn 2006 ba iad seo a leanas comhaltai an Bhoird:-

Dr. E. Breatnach, Ospidéal Mater, Sráid Eccles, Baile Átha Cliath 7

Dr. J. Buttimer, An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2ú Uirlár, Teach Háicín, Sráid Háicín, Baile Átha Cliath 2

An tOllamh N. Claffey, Scoil agus Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2 (Leas-Chathaoirleach)

Dr. F. Dunne, Ospidéal an Choláiste Ollscoile, Gaillimh

Dr. R. Dwyer, Ospidéal Beaumont, Bosca PO 1297, Bóthar Beaumont, Baile Átha Cliath 9

An tOllamh MX Fitzgerald, Ospidéal Naomh Uinsinn, Elm Park, Baile Átha Cliath 4

Dr. H. Finnegan, Cleaghmore, Beal Átha na Slua, Co. na Gaillimhe

Dr. W. Gorman, Coláiste Rioga na Lianna in Éirinn, Frederick House, 19 Sráid Frederick Theas, Baile Átha Cliath 2

Dr. M. Griffin, Level 2, Foundation Building, Ollscoil Luimnigh, Castletroy, Co. Luimnigh

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

**Corrigan House
Sráid na bhFliníní
Baile Átha Cliath 2
Teil.: (01) 6763875
Facs: (01) 676 5791**

CUNTAIS 2006

**(Curtha faoi bhráid gach Teach den Oireachtas faoi réir
Ailt 21 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978)**

**Le ceannach ó
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2**

Praghas: €1.

ISSN 0790-5378

An Bord Míochaine agus Déidliachta Iarchéime

CUNTAIS 2006
